An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann Chomhairle CNOS, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i CNOS don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin i gcás mír amháin atá leagtha amach thíos san alt faoi shaincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag CNOS ina bhfuil triúr comhaltaí den Chomhairle agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tá an duine seo ina Chathaoirleach.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2022.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle CNOS feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil sách acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a ndearna Comhairle CNOS a fhaomhadh.

Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca le chéile agus rinne Comhairle CNOS é a fhaomhadh. Leagtar amach ann fonn riosca CNOS, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus ina sonraítear na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca Spóirt Éireann ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an NCSE a shainathníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainathníonn na príomhrioscaí atá roimh an NCSE agus táthar tar éis iad sin a shainaitheint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais athbhreithniú agus uasdátú ar an gelár ar bhonn bliantúil agus tugtar eolas chun dáta maidir leis na 5 riosca is mó ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chláir rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibriochtaí a shanntar ar bhail foirme ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcumaisítear na gnéithe seo a leanas.

- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróisis ghnó uile, tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta, chomh maith le cuntasacht chomhréire;
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta,

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

- is ann do nósanna imeachta chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a chinntiú; agus
- córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Chomhairle, sa chas gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Bainistíocht agus Tuairiscíú Airgeadais

Éilíonn an Cód Cleachtais ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchuntais sula moltar iad a ghlacadh ag an gComhairle roimh chur isteach le haghaidh iniúchta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréachtchuntais ar an 21 Feabhra 2023 agus ag cruinniú an Choiste ar an 23 Feabhra 2023, mhol sé go nglacfaidh an Chomhairle leo.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNOS chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair. Cuirtear béim ar rudaí a bhaineann le rialuithe maidir le soláthar thíos faoin teideal ‘Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach’.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag CNOS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe.

Is í obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de CNOS atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú CNOS ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Cuirtear san áireamh gur thosaigh foireann an NCSE ag obair ón mbaile chun seirbhísí a sholáthar go luath in 2020 chun cloí le treoirlínte an Rialtais ar Covid, féach nóta 15 chun tuilleadh eolais a fháil.

Is féidir liom a dhearbú go ndearna an Chomhairle a hathbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha ag cruinniú na Comhairle ar an 29 Márta 2023.

Tá an Chomhairle sásta go leanann na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh de CNOS ag feidhmiú go sásúil agus go héifeachtach.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Le linn 2022, tabhaíodh caiteachas de luach €236,952 a bhain le 20 cás le 13 soláthraí maidir le hearraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair.

- I gceithre chás, ina raibh caiteachas €207,117, leanadh leis an gconradh tar éis dó dul in éag. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na próisis soláthair agus tá próisis soláthair nua á dtionscnamh;
- I gcás amháin, ina raibh caiteachas €25,371, tugadh neamhchomhlíonadh faoi deara ar bhonn caiteachas carnach agus soiléiríodh treoirlínte caiteachais leis an rannóg iomchuí;
- I gceithre chás, ina raibh caiteachas €3,194, tugadh faoi sholáthar aonuaire agus níor lorgaíodh luachaintí, rud is neamhchomhlíonadh ann. Rinneadh athbhreithniú ar phróisis soláthair agus rinneadh soiléiriú ar chomhlíonadh treoirlínte caiteachais leis an rannóg iomchuí;
- Sna 11 chás eile, ina raibh caiteachas €1,270, rinneadh soláthar neamhchomhlíonta ar bhonn íogair ó thaobh ama de agus soiléiríodh na nósanna imeachta ábhartha le gach ball foirne i ról a bhaineann le soláthar.


Tháinig feabhas ar chleachtais soláthair le linn 2022, agus cuireadh béim ar bhainistíocht agus ar chonarthaí reatha a athnuachan agus próisis soláthair iomchuí a chur i bhfeidhm. Bhí na nuashonruithe a tugadh isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar éifeachtach chun neamhchomhlíonadh a aithint san eagraíocht, ag gach leibhéal lena n-áirítear caiteachas ag €1,000 nó faoina bhun. Ina theannta sin, reáchtáladh ceardlanna inmheánacha agus seisiúin oiliúna seachtracha do gach ball foirne i ról a bhaineann le soláthar i rith 2022 agus leanfaidh siad ar aghaidh ar bhonn leanúnach.

Nochtuithe Cosanta

Fuarthas tuarascáil gan ainm i mí an Mhárta 2023 ina luaitear roinnt líomhaintí. Níor cuireadh fianaise dhoiciméadach ar bith ar fáil leis an tuarascáil. Rinne tríú páirtí measúnú neamhspleách ar na líomhaintí sa tuarascáil agus cinneadh nár chomhlíon siad na critéir maidir le nochtadh cosanta.

De réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016, Alt 1.9, deimhnítear go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe.

Síniú:



An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Dáta: 19 Nollaig 2023

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Ioncam			
Deontas Stáit	2	15,379,725	14,783,750
Aistriú Ón gcuntas caipitil	11	206,096	184,875
Ioncam eile	3	-	-
Ioncam iomlán		<u>15,585,821</u>	<u>14,968,625</u>
Caiteachas	4	<u>(15,763,826)</u>	<u>(15,038,648)</u>
Easnamh don bhliain		<u>(178,005)</u>	<u>(70,023)</u>
Cúlchistí ioncaim coinnithe ag tús na bliana		<u>(4,485)</u>	<u>22,078</u>
Cúlchistí ioncaim coinnithe ag deireadh na bliana		<u><u>(182,490)</u></u>	<u><u>(47,945)</u></u>

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.


Tá nótaí 1 - 18 ina gcuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Síniú:



An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach

Dáta: 19 Nollaig 2023



John Kearney
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Nollaig 2023

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta


Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Easnamh don bhliain		(178,005)	(70,023)
Gnóthachan/ cailteanas achtúireach ar dhliteanais pinsin	7	851,000	(249,000)
Coigeartú ar shócmhainn maoinithe pinsin iarchurtha	7	<u>(851,000)</u>	<u>249,000</u>
Easnamh cuimsitheach iomlán don bhliain		<u>(178,005)</u>	<u>(70,023)</u>

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.


Tá nótaí 1 - 18 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Síniú:



An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach

Dáta: 19 Nollaig 2023



John Kearney
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Nollaig 2023

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ráiteas ar Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	8	<u>288,800</u>	<u>494,896</u>
SÓCMHAINÍ REATHA			
Infháltais	9	340,008	331,103
Airgead tirim agus coibhéisí airgid		<u>292,720</u>	<u>515,789</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA		<u>632,728</u>	<u>846,892</u>
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna atá dlíte laistigh de bhliain amháin	10	<u>(858,678)</u>	<u>(894,837)</u>
GLANDLITEANAIS REATHA		<u>(225,950)</u>	<u>(47,945)</u>
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		<u>62,850</u>	<u>446,951</u>
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Oibleagáidí sochair scoir	7	(1,069,000)	(1,106,000)
Sócmhainn maoinithe um shochair scoir iarchurtha	7	<u>1,069,000</u>	<u>1,106,000</u>
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		<u>62,850</u>	<u>446,951</u>
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ			
Cúlchistí coinnithe ioncaim		(225,950)	(47,945)
Cuntas caipitil	11	<u>288,800</u>	<u>494,896</u>
		<u>62,850</u>	<u>446,951</u>

Tá nótaí 1 - 18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Síniú:

An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach

Dáta: 19 Nollaig 2023

John Kearney
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin


Dáta: 19 Nollaig 2023

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Ráiteas ar Shreafaí Airgid
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022


	Nótaí	2022 €	2021 €
Easnamh/barrachas oibriúcháin a réiteach i leith glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh) oibriúcháin don bhliain		(178,005)	(70,023)
Dímheas	8	163,686	215,837
Easnamh ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe seasta	8	42,410	32,519
Aistriú ón gcuntas caipitil	11	(206,096)	(184,875)
(Méadú) ar infháiltas	9	(8,905)	(24,933)
(Laghdú)/Méadú ar mhéideanna iníoctha	10	<u>(36,159)</u>	<u>182,793</u>
 Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		 (223,069)	 151,318
 Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a shealbhú	8	_____ -	<u>(66,225)</u>
 (Laghdú)/Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		 (223,069)	 <u>85,093</u>
 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir		 515,789	 430,696
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig		<u>292,720</u>	<u>515,789</u>
(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		<u>(223,069)</u>	<u>85,093</u>

Tá nótaí 1 - 18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Síniú:



An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach



John Kearney
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 19 Nollaig 2023

Dáta: 19 Nollaig 2023

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad na nótaí seo agus ba chóir iad a léamh i gcomhar leis na ráitis airgeadais a ghabhann leo.

1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos na beartais chuntasaíochta suntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuirtear na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith gach bliana, mura luaitear a mhalairt.

1.1 Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, “An Caighdeán um Tuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS102”).

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasáíochta, ach amháin i gcas ioncaim mar atá mionsonraithe i Nóta 1.5 thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasáíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

1.2 Airgeadra a thuairisciú

Cuirtear ráitis airgeadais na Comhairle i láthair in Euro (“€”), arb é airgeadra feidhmiúil na Comhairle é freisin. Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar na rátaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Caitear leis na difríochtaí malairte a thagann as sin le linn ioncam agus caiteachas a ríomh don bhliain airgeadais.

1.3 Gnóthas leantach

Comhlíonann CNOS a riachtanais chaipitil oibre ó lá go lá trína ghníomhaíochtaí maoinithe agus iarmhéideanna airgid. Tá ionchas réasúnach ag an gComhairle go bhfuil go leor acmhainní ag CNOS chun leanúint de bheith ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais aonáin seo ar bhonn gnóthais leantaigh.

1.4 Tréimhse chuntasaíochta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022.

1.5 Ioncam

Tá ioncam ar bhonn fáltas airgid agus léiríonn sé an méid a íoctar go díreach leis an NCSE:

- ag an Roinn Oideachais don bhliain mar dheontas de réir Alt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004;

1.6 Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímhéas carntha, agus é agus aon chaillteanais charntha lagaithe. Airítear le costas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus go mbainfidh sí an bhail amach a theastaíonn go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach a bheartaíonn an bhainistíocht.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

1.6 Maoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

Tuairiscítear dímheas ar bhonn líne dhíreach de réir rátaí a dhéantar iad a mheas ar mhaithe le na sócmhainní a laghdú go dtí luacha iarmharacha faoi dheireadh an saol atá beartaithe dóibh a bheith fós tairbhiúil, mar seo a leanas:

Trosacán & feistis	10 mbliana
Trealamh oifige	5 bhliain
Trealamh ríomhaireachta	5 bhliain
Athchóiriú léasachta	20 bliain
Bogearraí ríomhaireachta/suíomh gréasáin	3 bliana

Déantar athbhreithniú ar luachanna tugtha anonn maoin, gléasra agus trealamh le haghaidh lagaithe nuair a léiríonn imeachtaí nó athruithe i gcúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála. Déantar athbhreithniú ar shaolréanna úsáideacha measta, ar luachanna iarmharacha agus ar mhodhanna dímheasa, agus déantar iad a choigeartú de réir mar is cuí, ag deireadh gach bliana airgeadais.

Deimhnítear gnóthachain agus cailteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a déanamh idir na fáiltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

Tá beartas CNOS maidir le sócmhainní seasta a sholáthar agus a dhiúscairt leagtha amach ina Lámhleabhar maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais atá ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais/an RCPA, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Is é beartas sócmhainní seasta CNOS ná sócmhainní a chaipitliú le saolré níos mó ná bliain amháin agus luach níos mó ná €10,000 ón 1 Eanáir 2021 i geomhréir le Ciorclán 21/2020 DPER.

1.7 Cuntas caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

1.8 Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle raon sochar d'fhostaithe, lena n-áirítear socrúithe saoire íochta.

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire, mar chostas sa tréimhse má gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Costais sochair scoir

Forálan Alt 25(5) d'Acht EPSEN gur státseirbhísigh iad foireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Níl aon mhúirear ann sna ráitis airgeadais i leith aon dliteanas a d'fheadfadh teacht chun cinn i leith na mball foirme sin. Tiocfaidh teidlíochtaí sochair bhall foirme as a gcuid seirbhíse leis an gComhairle agus as a gcuid seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní chistítear an Chomhairle maidir leis na teidlíochtaí sochair sin. Mar thoradh ar na riachtanais in FRS 102 i dtaca le sochar sainithe, ní mheastar go mbainfidh pleananna agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh eile riachtanach.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

1.8 Sochair d'fhostaithe (*ar leanúint*)

Costas sochair scoir (ar leanúint)

Tá baill foirne nua-iontrálaithe arna bhfostú ag an gComhairle tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Phinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail maidir le baill foirne atá páirteach sa scéim. Féach Nóta 7 chun teacht ar a thuilleadh sonraí.

1.9 Breithiúnais agus meastacháin a úsáid

Agus na ráitis airgeadais seo a n-ullmhú aige, rinne an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanann dífead do chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta an aonáin agus do shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas. Féadfaidh torthaí iarbhrí a bheith éagsúil ó na meastacháin seo. Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar thoimhdí bunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin go hionchasach.

2.	IONCAM	2022 €	2021 €
	Chuir an Roinn Oideachais na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle:		
	Deontas don Chomhairle SIM/ISTP ³	12,813,563	14,522,250
		<u>2,566,162</u>	<u>261,500</u>
		<u>15,379,725</u>	<u>14,783,750</u>
3.	IONCAM EILE	2022 €	2021 €
	Saoráil Faisnéise	<u>-</u>	<u>-</u>
	Ioncam eile iomlán	<u>-</u>	<u>-</u>

³ Ní bhaineann ioncam in 2021 ach le hioncam ISTP ach in 2022 baineann an t-ioncam leis an Tionscadal SIM agus ISTP araon.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

4. CAITEACHAS	2022	2021
	€	€
Clódóireacht, postas agus páipéarachas	241,582	163,041
Cíos agus rátaí	967,245	915,836
Teileafón	209,621	299,387
Solas agus teas	77,832	77,642
Deisiúcháin agus cothabháil	156,865	211,144
Oiliúint agus Forbairt	812,855	1,113,534
Rannpháirtithe oiliúna (CPD) ⁴	534,694	289,883
Costais taistil agus chothaithe ⁵	1,081,308	413,173
Rannpháirtithe taistil agus cothabhála ⁶	74,667	3,431
Costais cruinnithe	74,165	6,357
Costais ghinearálta	31,856	29,946
Táillí earcaíochta	41,037	2,509
Caiteachas taighde	197,183	77,019
Costais TF	829,024	679,781
Táillí sainchomhairleoireachta ⁷	60,097	93,858
Seirbhísí seachfhoinsithe ⁸	23,826	25,440
Seirbhísí gairmiúla & idirghabháil ⁹	382,672	510,076
Táille iniúchóireachta inmheánaí	10,701	16,488
Táille iniúchóireachta seachtraí	26,600	24,200
Táillí cuntasaíochta	22,141	26,334
Táillí dlí	185,498	181,920
Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	42,410	32,519
Conradh don Tionscadal Teiripe Ionscoile	47,901	34,413
Pá & tuarastail (Nóta 5)	8,649,827	8,776,982
ÁSPC an Fhostóra	818,533	817,898
Dímheas (Nóta 8)	<u>163,686</u>	<u>215,837</u>
Caiteachas Iomlán	<u>15,763,826</u>	<u>15,038,648</u>

⁴ Léiríonn sé seo na costais oiliúna a bhaineann le FGL a sholáthar do rannpháirtithe mar chostais ionaid, táillí léachtóra agus táillí cúrsaí.

⁵ Tháinig méadú ar chostais taistil agus chothaithe in 2022 mar gheall ar an bhfoireann a bheith ag taisteal arís i ndiaidh phaindéim Covid-19. B'ionann costais taistil agus chothaithe thar lear sa bhliain agus €6,503 (2021: €1,369). Bhain na costais taistil agus chothaithe eile le taisteal intíre.

⁶ Léiríonn sé seo na costais taistil agus chothaithe a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí.

⁷ Tabhaíodh táillí comhairliúcháin maidir le seirbhísí TF agus cumarsáide.

⁸ Léiríonn sé seo na costais riaracháin a bhaineann leis an bpárolla seachfhoinsithe

⁹ Léiríonn sé seo na costais a tabhaíodh ó sholáthar seirbhísí mar theiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga idirghabhálacha litearthachta agus uimhearthachta, idirghabhálacha feabhsaithe iompair agus measúnuithe gairmiúla

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

5. PÁ AGUS TUARASTAIL

Tá beartas an Rialtais maidir le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachta stáit á chur i bhfeidhm. B'ionann an líon baill foirne a bhí fostaithe ag an CNOS ag deireadh 2022 agus 145 (2021: 142), 102 ball foirne Seirbhísí Áitiúla (2021: 101) agus 43 ball foirne sa Cheannoifig (2021: 41).

B'ionann an caiteachas ar thuarastail d'fhoireann na Seirbhísí Áitiúla agus €5,562,239 (2021: €6,109,072), Foireann an Tionscadail Teiripe Ionscoile €873,972 (2021: €630,191) agus thuarastail fhoireann na Ceannoifige €2,213,616 (2021: €2,037,719), i.e. €8,649,827 (2021: €8,776,982) ar an iomlán. Áirítear leis na hiomláin seo €78 (2021: nialas) íoctha mar ragobair agus €27,298 (2021: €41,513) íoctha mar liúntais ard-dhleachta.

Asbhaineadh ranníocaí aoisliúntais €330,374 as thuarastail na foirne i rith na bliana (2021: €334,562). D'aisioc CNOS €330,374 chuig an Roinn Oideachais le linn na bliana (2021: €334,562).

Rinneadh asbhaintí €405,466 a bhaineann le pinsean as thuarastail foirne i rith na bliana (2021: €402,565). D'aisioc CNOS €403,146 chuig an Roinn Oideachais le linn na bliana (2021: €402,426).

Ní ghearrtar ar chuntais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an costas a bhaineann le seirbhísí a bhfuil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach astu a bheith á soláthar ag baill foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ag boird bhainistíochta.

6. COSTAIS, TÁILLÍ CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR POF

Ní íoctar táillí le comhaltaí na Comhairle as a ról mar chomhaltaí Comhairle de chuid CNOS. Tá baill na Comhairle i dteideal costais taistil agus chothaithe a éileamh. In 2022 b'ionann é sin agus €2,942 (2021: €34).

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Ba ionann luach saothair an POF agus €122,023 in 2022 (2021: €154,597). Is comhalta den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe an POF agus ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin teidlíochtaí caighdeánacha na scéime - féach freisin Nóta 1.8. Sochair Fostaithe.

B'ionann an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta do 2022 agus €558,947 (2021: €539,169). Áirítear leis na príomhphearsa bainistíochta an POF agus Príomhoifigigh a thuiriscíonn go díreach chuig an POF.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais sochair shainithe maidir le baill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe arna riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Maoinítear sochair ar bhonn "íoc mar a thuillir". Ar an mbonn sin, níl aon sócmhainní i seilbh maidir le dliteanais phinsin fhabhráithe fhoireann CNOS agus níl aon mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Feidhmíonn CNOS an Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an "Plean") chomh maith a bhaineann le 65 (2021: 53) ball foirne a tháinig isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim pinsin sochair shainithe í agus thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cuntas uirthi le linn di a hoibleagáidí sochair shainithe scoir a mheas de réir FRS 102. Is le cuntas sochair scoir de chuid an Stáit a íoctar gach ranníocaíocht sochair scoir a dhéanann fostaithe isteach sa scéim. Feidhmíonn an scéim ar bhonn 'íoc mar a thuillir' iniúchta ó chroimhaoiniú CNOS. Gearrtar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoin scéim seo ar an gCuntas Ioncam agus Caiteachais sa bhliain ina dtuilltear iad.

Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách agus riachtanais an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar an 31 Nollaig 2022.

Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

	2022	2021
Ráta Lascaine	3.54%	1.28%
Boilsciú Praghsanna	2.75%	2.30%
Méaduithe Tuarastail	3.75%	3.30%
Méaduithe ar an bPinsean Stáit	2.75%	2.30%
Méaduithe Toimhdithe ar Phinsin	2.75%	2.30%

Ionchas saoil

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta go sainráite feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach.

Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltá a bhain 66 bliana d'aois amach in 2022 agus 2021.

Bliain ina sroichtear 68 bliana d'aois

	2022	2021
Ionchas saoil - fireann (i mblianta)	21	19.1
Ionchas saoil - bainneann (i mblianta)	23.4	21.3

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR (ar leanúint)

(a) Anailís ar an méid a gearradh ar an mbrabús oibriúcháin

	2022 €	2021 €
Costais seirbhíse reatha	803,000	447,000
Ús ar dhliteanais um shocair sainithe	14,000	3,000
Costais na sochar foirceanta	<u>-</u>	<u>-</u>
	<u>817,000</u>	<u>450,000</u>
Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais scoir na bliana reatha	<u>817,000</u>	<u>450,000</u>

(b) Sócmhainn maoinithe um shochair scoir iarchurtha

Aithníonn CNOS an méid seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhainithe do phinsin ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le roinnt imeachtaí roimhe seo. Airítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú an Phlean agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an CNOS nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Sa chás go mbunaítear sócmhainn amach anseo d'oibleagáidí an SPSS, cisteofar íocaíocht na n-oibleagáidí seo go lárnach.

(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe

	2022 €	2021 €
Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir	(1,106,000)	(407,000)
Costas seirbhíse iomlán an fhostaí	(803,000)	(447,000)
Glan-ús ar ghlandliteanas sainithe	(14,000)	(3,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	3,000	
Brabús/(caillteanas) achtúireach i rith na bliana	<u>851,000</u>	<u>(249,000)</u>
Glan-oibleagáid sochair scoir ar an 31 Nollaig	<u>(1,069,000)</u>	<u>(1,106,000)</u>

(d) Cailteanas achtúireach

	2022 €	2021 €
Gnóthachan/(cailteanas) sa bhliain		
Brabús/(cailteanas) achtúireach i rith na bliana	<u>851,000</u>	<u>(249,000)</u>
Gnóthachan/(cailteanas) iomlán achtúireach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig	<u>851,000</u>	<u>(249,000)</u>

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

8. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Athchóiriú na léasachta	Trealamh oifige	Troscán feistis	Trealamh oifige	Ríomhairí bogearraí/suíomh gréasáin	Iomlán
Costas	€	€	€	€		€
Amhail an 01 Eanáir 2022	610,351	154,248	691,431	1,005,324	446,126	2,907,480
Breisiúcháin	-	-	-	-	-	-
Diúscairtí	-	(34,204)	(21,593)	(101,173)	-	(156,970)
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>610,351</u>	<u>120,044</u>	<u>669,838</u>	<u>904,151</u>	<u>446,126</u>	<u>2,750,510</u>
Dímheas carntha						
Amhail an 01 Eanáir 2022	546,105	139,565	585,012	695,776	446,126	2,412,584
Muirear don bhliain	32,124	7,773	15,650	108,139	-	163,686
Diúscairtí	-	(33,557)	(21,452)	(59,551)	-	(114,560)
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>578,229</u>	<u>113,781</u>	<u>579,210</u>	<u>744,364</u>	<u>446,126</u>	<u>2,461,710</u>
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2021	<u>64,246</u>	<u>14,683</u>	<u>106,419</u>	<u>309,548</u>	-	<u>494,896</u>
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>32,122</u>	<u>6,263</u>	<u>90,628</u>	<u>159,787</u>	-	<u>288,800</u>

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas
Speisialta
Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)**

9.	INFHÁLTAIS	2022	2021
		€	€
	Réamhíocaíochtaí	240,449	253,418
	Infháltais	<u>99,559</u>	<u>77,685</u>
		<u>340,008</u>	<u>331,103</u>
	Tá na hinfháltais go léir dlite laistigh de bhliain amháin.		
10.	DLITEANAIS REATHA Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	2022	2021
		€	€
	Suimeanna iníoctha le soláthraithe	76,744	37,915
	Ioncam iarchurtha	-	-
	CBL	30,369	20,035
	Asbhaintí párolla	36,476	25,484
	Soláthar le haghaidh pá saoire	464,563	434,723
	Fabhruithe	231,558	357,684
	Suimeanna iníoctha eile	<u>18,968</u>	<u>18,996</u>
		<u>858,678</u>	<u>894,837</u>
11.	CUNTAS CAIPITIL	2022	2021
		€	€
	Iarmhéid Tosaigh	494,896	679,771
	Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní a fháil	-	66,225
	Scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní	(42,410)	(35,263)
	AmÚchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	<u>(163,686)</u>	<u>(215,837)</u>
	Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	<u>(206,096)</u>	<u>(184,875)</u>
	Iarmhéid Deiridh	<u>288,800</u>	<u>494,896</u>

12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Feidhmíonn CNOS líonra de 35 oifig ar fud an Stáit lena n-áirítear a Cheanncheathrú i mBaile Átha Troim, Chontae na Mí. Tá formhór na n-oifigí ar cíos ó aonáin atá maoinithe ag an Rialtas. Feidhmítear ocht n-oifig trí chomhaontuithe léasa idir CNOS agus comhlachtaí tráchtála.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Tá comhaontuithe ligin ag an CNOC le 6 chomhlacht tráchtála:

- Léas 1 i gCeatharlach ar feadh 3 bliana dar tosach 1 Nollaig 2019, cíós bliantúil agus táille sheirbhíse €11,660
 - Cuireadh Léas 8 in ionad an léasa
- Léas 2 i mBaile Átha Troim ar feadh 2 bhliain dar tosach 1 Samhain 2021, cíós bliantúil €28,782
- Léas 3 i mBaile Átha Cliath ar feadh bliain amháin dar tosach 26 Lúnasa 2021, cíós bliantúil €162,592
 - Cuireadh Léas 5 in ionad an léasa
- Léas 4 i gCeatharlach ar feadh 3 bliana dar tosach 1 Eanáir 2020, cíós bliantúil agus táille seirbhíse €7,786
- Léas 5 i mBaile Átha Cliath ar feadh bliain amháin dar tosach 26 Lúnasa 2022, cíós bliantúil €162,592
- Léas 6 i dTulach Mhór ar feadh bliain amháin dar tosach 1 Eanáir 2022, cíós bliantúil €15,129
- Léas 7 i Mainistir Fhear Maí ar feadh bliain amháin dar tosach 1 Bealtaine 2020, cíós bliantúil €10,000
- Léas 8 i gCeatharlach ar feadh 3 bliana dar tosach 1 Nollaig 2022, cíós bliantúil agus táille sheirbhíse €11,660
- Léas 9 i dTrá Lí ar feadh bliain amháin dar tosach 1 Eanáir 2022, cíós bliantúil agus táille seirbhíse €24,493

Ba ionann an cíós bliantúil agus an muirear seirbhíse a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais le haghaidh socruithe léasa agus €260,442 (2021: €250,613).

Ag deireadh na bliana, tá íosíocaíochtaí léasa ag an gComhairle faoi léasanna oibriúcháin a bhíonn dlite mar seo a leanas:

	2022	2021
	€	€
Laistigh de bhliain amháin	151,218	175,638
Le linn bhliain 2 go 5	35,681	47,318
Ag dul in éag ina dhiaidh sin	—	—
	<u>186,899</u>	<u>222,956</u>

13. ÁITRIBH

Tá áitribh ag CNOS ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Is comhaontú é seo ar cuireadh tús leis i 2004, ar feadh téarma 20 bliain agus is ionann an muirear cíosa bliantúil agus €87,646. Ina theannta sin, tá socruithe cíosa i bhfeidhm ag CNOS leis na OOP ar 19 réadmhaoin eile. Níl aon chomhaontú i scríbhinn faoi láthair idir OOP agus CNOS maidir leis seo agus tá sé tugtha le fios ag OOP go bhfuil siad ag féachaint air seo mar chuid dá sainchúram iomlán maidir le cíós oifige a sholáthar do chomhlachtaí/gníomhaireachtaí Rialtais.

Tá áitribh ag CNOS i 7 nIonad Oideachais. Bhí comhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm do gach Ionad in 2022. Ina theannta sin, tá CNOS lonnaithe in áitribh i mbunscoil amháin agus bhí comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm in 2022.

Tá 8 gcomhaontú ligin ag CNOS le 6 chomhlacht tráchtála agus tá áitreabh eile aige ar cíós ó chomhlacht tráchtála eile gan aon chomhaontú ligin i bhfeidhm.

Is ionann an cíós bliantúil iomlán agus an muirear seirbhíse atá san áireamh sna ráitis airgeadais do 2022 agus €967,245.2021. €915,836).

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

14. SEASAMH MAOINITHE

Cuimsíonn ioncam NCSE deontas ón Roinn Oideachais a chuirtear ar fáil chun freastal air dliteanais ag aibiú i rith na bliana, seachas caiteachas tabhaithe i rith na bliana. Déantar easnamh ar bith a shásamh trí mhaoiniú amach anseo arna chur ar fáil do CNOS ag an Roinn Oideachais. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gur iomchuí leanúint de bhonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Ceanglaítear ar CNOS costas na dteidlíochtaí saoire bliantúla neamhúsáidte a fhabhrú ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 10). Fabhraíodh €464,563 sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (2021: €434,723). Tagann gach saoire bhliantúil carntha ag deireadh na bliana faoi réir rialacha Chiorclán 27/03 agus Chiorclán 06/2011. Ligeann siad seo do roinnt ábhar saoire bliantúla a thabhairt anonn faoi réir teorainneacha, agus saoire bhliantúil iomarcach atá fabhráithe ag baill foirne a fhorghéilleadh.

15. FREAGRA CNOS MAIDIR LE DÉILEÁIL LE COVID-19 AGUS AN CHIANOBAIR

Maidir leis an bpaindéim dhomhanda Covid-19 a tháinig chun cinn go luath in 2020, d'fhreagair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don ghéarchéim ar aon dul leis an treoir ón rialtas. Bhí an fhoireann ag obair ó bhaile, le tacaíocht ó chórais TF, agus uirlisi éagsúla in úsáid acu ionas gur féidir leo leanúint lena gcuid oibre. Chuaigh an eagraíocht i mbun gnímh chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil ar líne do dhaltaí, do thuisrniitheoirí agus do mhúinteoirí. Leanaimid le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann ár dtairiscint ar líne a fheabhsú. Ag teacht le fógra an Rialtais deireadh a chur le srianta i mí Eanáir 2022, cuireadh tús le filladh na foirne ar an oifig de réir a chéile i dtreo dheireadh mhí Feabhra. Leanamar ar aghaidh lenár gcruinnithe rialta den Chomhairle, a d'fhill ar chruinnithe duine le duine in 2022 freisin. Lean an bhainistíocht le bualadh de réir mar ba ghá chun aon fhreagraí ar dhúshláin a phlé de réir mar a tháinig siad chun cinn. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht ar aon rioscaí a bhain le Covid agus rinne siad tuairisciú don Chomhairle. Ina theannta sin, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe a bhí i bhfeidhm mar chuid den SIC agus den iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe atá i bhfeidhm, a measadh a bheith leordhóthanach chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí. Comhaontaíodh polasaí oibre cumaisc don fhoireann i dtreo dheireadh 2022.

16. MÉADÚ CNOS AGUS MAOINIÚ BREISE

I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhógair an Roinn Oideachais go gcuirfí maoiniú le haghaidh an 161 ball foirne breise ar fáil do CNOS ar fud roinnt réimsí. Rinneadh €4 mhilliún breise a leithdháileadh in 2023 chun tús an phróisis earcaíochta do na baill foirne seo a éascú.

17. COMHALTAÍ NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASANNA

Tá nósanna imeachta glactha ag an gComhairle de réir Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 maidir le leasanna Chomhaltaí na Comhairle a nochtadh.

18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais a fhaomhadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 23 Feabhra 2023 ar mholadh ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag a chruinniú ar an 21 Feabhra 2023.